Tá an t-eolas príobháideachais seo a leanas á chur chugat mar atá luaite faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Tá sé ann le tú a chur ar an eolas maidir leis an gcaoi a n-úsáidfear an t-eolas seo, cé a úsáidfidh é agus cén fáth a n-úsáidfear é. Má tá aon chuid den fhoirm seo nach dtuigeann tú, nó má bhíonn aon eolas breise uait déan teagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí CLG (01 8658600 nó dataprotection@gaa.ie).

**Cé hé/hí an Rialaitheoir Sonraí?**

Is comhrialaitheoirí sonraí iad an club agus CLG agus is iad seo a leanas sonraí teagmhála an chlub [Ainm an Chlub, Seoladh, Fón / Ríomhphost].

**Cé hé/hí Oifigeach Cosanta Sonraí CLG agus an chlub?**

Tá sonraí maidir le hOifigeach Cosanta Sonraí Chumann Lúthchleas Gael ar fáil ar shuíomh idirlín CLG ag gaa.ie/dataprotection. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí trí ríomhphost a chur chuig dataprotection@gaa.ie nó trí ghlaoch ar 01 8658600 má bhíonn aon cheisteanna agat, nó, más mian leat iarratas a dhéanamh maidir le do chuid sonraí pearsanta.

**Cén aidhm atá le mo chuid sonraí pearsanta a phróiseáil?**

Déanfar do chuid sonraí pearsanta a phróiseáil le go bhféadfaí do chonradh a chomhlíonadh maidir le do chlárúchán agus le go bhféadfaí do bhallraíocht leis an gclub agus le CLG a choinneáil suas chun dáta. Déanfar iad a phróiseáil chomh maith le go bhféadfaí tú a choinneáil ar an eolas maidir le himeachtaí de chuid CLG agus ócáidí tiomsaithe airgid. Ní úsáidfear do chuid sonraí pearsanta sna cásanna seo, áfach, mara bhfuil cead follasach tugtha agat trí thic a chur sna boscaí cuí ar an bhfoirm agus í a shíniú faoi na boscaí sin.

**An bhfaighidh aoinne eile cóip de mo chuid Sonraí Pearsanta?**

Is féidir le baill áirithe de chuid Coistí Contae, Coistí Cúige agus Ard-Chomhairle Chumann Lúthchleas Gael teacht ar do chuid sonraí pearsanta ar mhaithe le cúrsaí riaracháin. Déanfar é seo de réir pholasaí cosanta sonraí Chumann Lúthchleas Gael amháin, áfach.

I gcás éileamh árachais nó gortaithe, cuirfear sonraí an éilimh ina n-áirítear do chuid sonraí pearsanta chuig Riarthóirí ár gCiste Gortuithe, DWF, atá lonnaithe ag 5 Duga Sheoirse, IFSC, Áth Cliath 1.

**Cén áit a gcoinnítear do chuid Sonraí Pearsanta?**

Coinnítear do chuid sonraí go leictreonach ar Bhunachar Sonraí Ball Chumann Lúthchleas Gael atá á chur ar fáil ag Dawson Andrews, 17a Ascaill Ormeau, Béal Feirste, BT2 8DN.

**Cé hiad Dawson Andrews?**

Is ''Próiseálaithe Sonraí'' iad Dawson Andrews a dhéanann óstáil ar an mbunachar sonraí ar a bhfuil do chuid sonraí coinnithe. Tá conradh againn le Dawson Andrews le cinntiú go bhfuil do chuid sonraí pearsanta á gcoinneáil slán sábháilte.

**Cén fhad a bheidh mo chuid Sonraí Pearsanta á gcoinneáil?**

Coinneofar do chuid sonraí pearsanta chomh fada is atá tú i do bhall de CLG. Déanfar iad a scrios sa chás go n-éiríonn tú as, nó, sa chás go ndéanfar tú a dhíbirt ón gCumann de réir An Treoir Oifigiúil. Mar sin féin, d'fhéadfaí do chuid sonraí pearsanta a choinneáil i ndiaidh duit scoir den bhallaraíocht má bheartaítear go bhfuil géarghá a leithéid a dhéanamh de réir polasaí um choinneáil sonraí CLG.

**Cén chaoi a bhféadfainn cóip de na Sonraí Pearsanta atá á gcoinneáil ag an gclub/CLG a fháil?**

Tá sé de cheart agat cóip de do chuid Sonraí Pearsanta uilig a fháil agus is féidir leat é seo a dhéanamh trí theagmháil a dhéanamh linn. Cuirfear an t-eolas seo ar fáil duit taobh istigh de mhí.

**Cad iad na cearta príobháideachais atá agam maidir le mo chuid Sonraí Pearsanta?**

Tá sé de cheart agat go ndéanfar do chuid Sonraí Pearsanta a scrios, a athrú nó a thabhairt suas chun dáta más mian leat. Tá sé de cheart agat cur i gcoinne phróiseáil do chuid Sonraí Pearsanta agus do chead próiseála a tharraingt siar. Níl le déanamh agat ach teagmháil a dhéanamh linn.

**Cén áit a bhfuil tuilleadh eolais le fáil?**

Is féidir tuilleadh eolais a fháil maidir le do chuid cearta ach teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí, 21 Cearnóg Mhic Liam Theas, Áth Cliath 2, D02 RD28 nó, ar an suíomh idirlín ag www.dataprotection.ie

**Cén chaoi a ndéanaim gearán nó sárú cosanta sonraí a thuairisciú?**

Dá mba mhian leat **gearán nó sárú cosanta sonraí a thuairisciú** maidir le do chuid Sonraí Pearsanta féin, d'fhéadfaí foirm a líonadh isteach ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chosaint Sonraí ag www.dataprotection.ie nó trí ghlaoch ar 057 8684800.